

**CINNEADH (CBES) 2020/1132 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 30 Iúil 2020**

**lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/20**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 27 Nollaig 2001, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh 2001/931/CBES <sup>(1)</sup>.
- (2) An 13 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/20 <sup>(2)</sup> lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES (“an liosta”).
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 1(6) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES, is gá athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar ainmneacha na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá ar an liosta chun a áirithiú go bhfuil forais ann lena gcoimeád ar an liosta.
- (4) Leagtar amach sa Chinneadh seo toradh an athbhreithnithe a rinne an Chomhairle i dtaca leis na daoine, na grúpaí agus na heintitis a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir leo.
- (5) Tá an Chomhairle tar éis a fhíorú go bhfuil údarais inniúla, dá dtagraítear in Airteagal 1(4) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES, tar éis cinntí a dhéanamh i dtaca le gach duine, gach grúpa agus gach eintiteas atá ar an liosta lena léirítear go raibh baint acu le gníomhartha sceimhlitheoireachta de réir bhrí Airteagal 1(2) agus (3) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES. Tá an Chomhairle tar éis teacht ar an dtatal freisin gur cheart go leanfadh na daoine, na grúpaí agus na heintitis a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 maidir leo de bheith faoi réir na mbeart sriantach sonracha dá bhforáiltear sa Chomhsheasamh 2001/931/CBES.
- (6) Chinn an Chomhairle nach bhfuil forais ann a thuilleadh chun duine amháin a choinneáil ar an liosta.
- (7) Ba cheart an liosta a nuashonrú dá réir sin, agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/20 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir leo.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2020/20 a aisghairm.

<sup>(1)</sup> Comhsheasamh 2001/931/CBES an 27 Nollaig 2001 ón gComhairle maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93).

<sup>(2)</sup> Cinneadh (CBES) 2019/20 ón gComhairle an 13 Eanáir 2020 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2019/1 341 (IO L 8I, 14.1.2020, lch. 5).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Iúil 2020.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
M. ROTH

---

## IARSCRÍBHINN

## LIOSTA NA nDAOINE, NA nGRÚPAÍ AGUS NA nEINTITEAS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

## I. DAOINE

1. ABDOLLAHI, Hamed (ar a dtugtar freisin Mustafa Abdullahi) a rugadh an 11.8.1960 san Iaráin. Uimhir an phas: D9004878.
2. AL-NASSER, Abdelkarim Hussein Mohamed, a rugadh in Al Ihsa (an Araib Shádach), saoránach de chuid na hAraibe Sádaí.
3. AL YACCOUB, Ibrahim Salih Mohammed, a rugadh an 16.10.1966 in Tarut (an Araib Shádach), saoránach de chuid na hAraibe Sádaí.
4. ARBABSÍAR Manssor (ar a dtugtar freisin Mansour Arbabsiar), a rugadh an 6.3.1955 nó an 15.3.1955 san Iaráin. Náisiúnach de chuid na hIaráine agus de chuid SAM, Uimhir an phas: C2002515 (an Iaráin); Uimhir an phas: 477845448 (SAM). Uimhir cárta aitheantais náisiúnta: 07442833, dáta éaga 15.3.2016 (ceadúnas tiomána SAM).
5. ASADI Assadollah, a rugadh an 22.12.1971 in Tehran (an Iaráin), náisiúnach de chuid na hIaráine. Uimhir an phas taidhleoireachta Iaránaigh: D9016657.
6. BOUYERI, Mohammed (ar a dtugtar freisin Abu ZUBAIR, ar a dtugtar freisin SOBIAR, ar a dtugtar freisin Abu ZOUBAIR), a rugadh an 8.3.1978 in Amstardam (an Ísiltír).
7. EL HAJJ, Hassan Hassan, a rugadh an 22.3.1988 in Zaghdraiya, Sidon, an Liobáin, saoránach de chuid Cheanada. Uimhir an phas: JX446643 (Ceanada).
8. HASHEMI MOGHADAM Saeid, a rugadh an 6.8.1962 in Tehern (an Iaráin), náisiúnach de chuid na hIaráine. Uimhir an phas: D9016290, bailí go dtí an 4.2.2019.
9. IZZ-AL-DIN, Hasan (ar a dtugtar freisin GARBAYA, Ahmed, ar a dtugtar freisin SA-ID, ar a dtugtar freisin SALWWAN, Samir), an Liobáin, a rugadh in 1963 sa Liobáin, saoránach de chuid na Liobáine.
10. MELIAD, Farah, a rugadh an 5.11.1980 in Sydney (an Astráil), saoránach de chuid na hAstráile. Uimhir an phas: M2719127 (an Astráil).
11. MOHAMMED, Khalid Shaikh (ar a dtugtar freisin ALI, Salem, ar a dtugtar freisin BIN KHALID, Fahd Bin Adballah, ar a dtugtar freisin HENIN, Ashraf Refaat Nabith, ar a dtugtar freisin WADOOD, Khalid Abdul), a rugadh an 14.4.1965 nó an 1.3.1964 sa Phacastáin, uimhir an phas 488555.
12. ŞANLI, Dalokay (ar a dtugtar freisin Sinan), a rugadh an 13.10.1976 in Pülümür (an Tuirc).
13. SHAHLAI Abdul Reza (ar a dtugtar freisin Abdol Reza Shala'i, ar a dtugtar freisin Abd-al Reza Shalai, ar a dtugtar freisin Abdorreza Shahlai, ar a dtugtar freisin Abdolreza Shahla'i, ar a dtugtar freisin Abdul-Reza Shahlaee, ar a dtugtar freisin Hajj Yusef, ar a dtugtar freisin Haji Yusif, ar a dtugtar freisin, Hajji Yasir, ar a dtugtar freisin Hajji Yusif, ar a dtugtar freisin Yusuf Abu-al-Karkh), a rugadh thart ar 1957 san Iaráin. Seoltaí: (1) Kermanshah, an Iaráin, (2) Bunáit Mhíleata Mehran, cúige Ilam, an Iaráin.
14. SHAKURI Ali Gholam, a rugadh thart ar 1965 in Tehran na hIaráine.

## II. GRÚPAÍ AGUS EINTITIS

1. "Abu Nidal Organisation" — "ANO" (ar a dtugtar freisin "Fatah Revolutionary Council", ar a dtugtar freisin "Arab Revolutionary Brigades", ar a dtugtar freisin "Black September", ar a dtugtar freisin "Revolutionary Organisation of Socialist Muslims").
2. "Al-Aqsa Martyrs' Brigade".
3. "Al-Aqsa e.V".
4. "Babbar Khalsa".
5. "Communist Party of the Philippines", lena n-áirítear "New People's Army" — "NPA", na hOileáin Fhilipíneacha.

6. Stiúirthóireacht na Slándála Inmheánaí in Aireacht Faisnéise agus Slándála na hIaráine.
  7. “Gama’a al-Islamiyya” (ar a dtugtar freisin “Al-Gama’a al-Islamiyya”) (“Islamic Group” — “GI”).
  8. “İslami Büyük Doğu Akıncılar Cephesi” — “IBDA-C” (“Great Islamic Eastern Warriors Front”).
  9. “Hamás” lena n-áirítear “Hamás-Izz al-Din-al-Qassem”.
  10. “Huzballah Military Wing” (ar a dtugtar freisin “Hezbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbullah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hisbollah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Hizbu’llah Military Wing” ar a dtugtar freisin “Hizb Allah Military Wing”, ar a dtugtar freisin “Jihad Council” (agus gach aonad a thairiscíonn di, lena n-áirítear an Eagraíocht Slándála Seachtraí)).
  11. “Hizbul Mujahideen” — “HM”.
  12. “Khalistan Zindabad Force” — “KZF”.
  13. “Kurdistan Workers’ Party” — “PKK”, (ar a dtugtar freisin “KADEK”, ar a dtugtar freisin “KONGRA-GEL”).
  14. “Liberation Tigers of Tamil Eelam” — “LTTE”.
  15. “Ejército de Liberación Nacional” (“an tArm um Shaoradh Náisiúnta”).
  16. “Palestinian Islamic Jihad” — “PIJ”.
  17. “Popular Front for the Liberation of Palestine” — “PFLP”.
  18. “Popular Front for the Liberation of Palestine — General Command” (ar a dtugtar freisin “PFLP — General Command”).
  19. “Devrimci Halk Kurtuluş Partisi-Cephesi” — “DHKP/C” (ar a dtugtar freisin “Devrimci Sol” (“Revolutionary Left”), ar a dtugtar freisin “Dev Sol”) (“Revolutionary People’s Liberation Army/Front/Party”).
  20. “Sendero Luminoso” — “SL” (“an Chonair Lonrach”).
  21. “Teyrbazen Azadiya Kurdistan” — “TAK” (ar a dtugtar freisin “Kurdistan Freedom Falcons”, ar a dtugtar freisin “Kurdistan Freedom Hawks”).
-